# Aguisín 2

# Sainmhíniúcháin

## Baile Iomlán agus Ceantair Iomlán Tuaithe

Na daoine a cuireadh san áireamh i ngrúpaí de 1,500 nó níos mó is brí le daonra Ceantar Baile iomlán. Mar sin déantar baile a bhfuil teorainn sonrach dlíthiúil aige a rangú ar bhunús a dhaonra iomláin le ceantair imeallacha nó máguaird san áireamh.
Déantar an daonra a cuireadh san áireamh i ngach ceantar taobh amuigh de ghrúpaí 1,500 nó níos mó a rangú mar chuid den Cheantar Iomlán Tuaithe. Coincheap staitistiúil é an Ceantar Iomlán Tuaithe agus ní bhaineann sé leis an aonad riaracháin Dúiche Tuaithe a bhíodh ann cheana.

## Líon Príobháideach Tí

Duine amháin ina chónaí ina (h)aonar nó grúpa daoine (ní gá go mbeadh gaol eatarthu) a bhfuil cónaí orthu ag an seoladh céanna le comhsocruithe tí - is é sin, go roinneann siad ar a laghad béile amháin sa lá nó go roinneann siad seomra teaghlaigh nó seomra suí. Ar mhaithe le bheith curtha san áireamh mar chuid den líon tí ní mór go mbeadh cónaí ann ar dhuine ag am an daonáirimh. Mar sin, ní chuirtear cuairteoirí oíche an daonáirimh chuig an líon tí san áireamh, cuirtear daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu ann ach a bhí as láthair ar an oíche go sealadach (níos lú ná 3 mhí) san áireamh.
Líon príobháideach tí atá ina chónaí go buan i dteach, arasán nó seomra suí/leapa é líon príobháideach buan tí. Líon príobháideach tí atá ina chónaí i gcarbhán, teacht soghluaiste nó áitreabh sealadach eile é Líon sealadach príobháideach tí

## Líon Tí Neamh-Phríobháideach (Áitreabh Comhchoiteann)

Grúpa daoine a cuireadh san áireamh i dteach lóistín, óstán, teach aíochta, brú, beairic, ospidéal, teach altranais, scoil chónaitheach, institiúid chreidimh, institiúid leasa, príosún nó ar bhord loinge &rl é líon tí neamh-phríobháideach. Is féidir le gnáthchónaitheoirí agus cuairteoirí a bheith san áireamh i líon tí neamh-phríobháideach. Ach, cuirtear úinéirí agus bainisteoirí óstán, príomhoidí scoileanna cónaitheacha, daoine i gceannas institiúidí de chineálacha éagsúla eile agus baill foirne atá, in éineacht lena dteaghlaigh, ina gcónaí i lóistín faoi leith san áitreabh céanna san áireamh mar líonta príobháideacha tí.

## Méid an Lín Tí

An líon iomlán daoine a raibh gnáthchónaí orthu i líon tí oíche an daonáirimh, Dé Domhnaigh 28 Aibreán, 2002 é líon na ndaoine i líon tí, aon duine a bhí as láthair ón líon tí ar feadh níos lú ná trí mhí san áireamh. Níor cuireadh cuairteoirí chuig an líon tí oíche an daonáirimh san áireamh.

I nDaonáirimh roimhe seo b'ionann an méid daoine sa líon tí agus iad siúd a cuireadh san áireamh ann oíche an Daonáirimh. Níor cuireadh san áireamh mar sin gnáthchónaitheoirí a bhí as láthair go sealadach agus cuireadh san áireamh cuairteoirí a bhí i láthair sa líon tí oíche an daonáirimh. Rinneadh athbhreithniú ar an míniú do dhaonáireamh 2002 agus tá tionchar aige sin ar an gcomparáid idir 1996 agus 2002 maidir le gnáthmhéid an lín tí i dtábla 19. Ach, is beag iad na difríochtaí rangaithe de réir contae agus de réir ceantair uirbigh agus tuaithe.

## Aonaid Teaghlaigh

Is ionann aonad teaghlaigh agus:

1. Fear agus bean chéile nó lánúin a chónaíonn in aontíos; nó
2. Fear agus bean chéile nó lánúin a chónaíonn in aontíos le páiste nó páistí nár phós ariamh (d'aon aois) a bhfuil gnáthcónaí orthu ann; nó
3. Tuismitheoir amháin in éineacht le páiste nó páistí nár phós ariamh (d'aon aois) a bhfuil gnáthcónaí orthu ann.

Caithfidh baill teaghlaigh a bheith ina gnáthchónaitheoirí den líon tí chuí.

Tá aitheantas aonad teaghlaidh bunaithe ar an eolas a chuirtear ar ais ar na foirmeacha daonáirimh, go háirid na sonraí a thugtar maidir leis an ngaol atá ag gach duine le Duine 1. Go ginearálta, tá an t-eolas a thugtar sásúil le gur féidir na haonaid teaghlaigh a rangú mar is ceart.
Ach, d'fhéadfadh sé go mbeadh uimhir theoranta ranganna ann nuair atá tuismitheoir neamhphósta le páiste nó páistí ina c(h)ónaí lena t(h)uismitheoirí féin agus ní féidir déanamh amach na gaoil ar fad tuismitheora/páiste ón eolas atá tugtha maidir le gaol le Duine 1. Sna cásanna seo tá an tuismitheoir neamhphósta agus a c(h)lann curtha san áireamh mar chuid den aonad teaghlaigh eile. Mar thoradh ar seo is dóigh nach bhfuil líon na n-aonad teaghlaigh ina bhfuil tuismitheoirí neamhphósta ina gcónaí lena gclann ar fad sa tír aitheanta.

I dTáblaí 39 agus 40 cuireann na téarmaí fear céile agus bean chéile san áireamh fir agus mná, faoi seach, atá ina gcónaí ina aontíos céileachais.

## Duine Tagartha

Is é/í an “Duine Tagartha” (cosúil le “Ceann an Lín Tí” i nDaonáireamh 1996) i ngach líon príobháideach tí an chéad (i.e. an uimhir dhuine is lú) ghnáthchónaitheoir sa líon tí. Muna bhfuil aon ghnáthchónaitheoirí i láthair sa líon tí oíche an daonáirimh, baintear úsáid ansin as duine atá as láthair mar an “Duine Tagartha”.

# Aguisín 3

## Sceideal na bhFoilseachán ó Dhaonáireamh 2002

| Cur Síos | Dáta Foilsitheoireachta |
|---|---|
| Réamh Thuairisc | 24 Iúil 2002 |
| Príomhthorthaí Déimeagrafacha | 19 Meitheamh 2003 |
| Imleabhar 1 – An Daonra Rangaithe de réir Ceantair | 3 Iúil 2003 |
| Imleabhar 2 – Aoiseanna agus Stádas Pósta | 31 Iúil 2003 |
| Imleabhar 3 – An Líon Tí agus Aonaid Teaghlaigh | 28 Lúnasa 2003 |
| Príomhthorthaí Socheacnamaíocha | 25 Méan Fómhair 2003 |
| Imleabhar 4 – Gnátháit Chónaithe, Imirce, Áiteanna Breithe agus Náisiúntacht | 23 Deireadh Fómhair 2003 |
| Imleabhar 5 – Príomhstádas Eacnamaíoch agus Tionscail | 13 Samhain 2003 |
| Imleabhar 6 – Gairmeacha Beatha | 4 Nollaig 2003 |
| Imleabhar 7 – Oideachas agus Cáilíochtaí | 15 Eanáir 2004 |
| Imleabhar 8 – Lucht Taistil na hÉireann | 29 Eanáir 2004 |
| Imleabhar 9 – Taisteal chuig an Obair, An Scoil agus chuig an gColáiste | 19 Feabhra 2004 |
| Imleabhar 10 - Míchumas agus Cúramóirí | 11 Márta 2004 |
| Imleabhar 11 – An Ghaeilge | 25 Márta 2004 |
| Imleabhar 12 – Creideamh | 8 Aibreán 2004 |
| Imleabhar 13 – Tithíocht | 22 Aibreán 2004 |